# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2010

# LÉANN CLASAICEACH – ARDLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 24 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go 12.00

Tá ceisteanna anseo ar **dheich dtopaic.**
Tá na topaicí roinnte mar seo a leanas:
Na topaicí 1 – 5 = **ROINN A** – An Saol Gréagach
Na topaicí 6 – 10 = **ROINN B** – An Saol Rómhánach

Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **chúig thopaic,** mar leanas:
**dhá** thopaic as **ROINN A;**
**dhá** thopaic as **ROINN B;**
an **cúigiú** topaic as **ROINN A** nó **B**

Tá 80 marc ag gabháil le gach topaic.
Marcanna iomlána don pháipéar = (80 × 5) = 400.

Na fótagraif a bhfuil gá leo chun roinnt de na ceisteanna a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte **X**, a ghabhann leis an bpáipéar seo.

| **ROINN A – An Saol Gréagach** | **ROINN B – An Saol Rómhánach** |
|---|---|
| Topaic 1: Fraoch Aichill. | Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta. |
| Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs. | Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide. |
| Topaic 3: Beatha agus Bás Shócraitéas. | Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar. |
| Topaic 4: Micéiné agus an Traí. | Topaic 9: Cathair Rómhánach – Poimpé. |
| Topaic 5: Acrapoil na hAithine. | Topaic 10: An tArm Rómhánach. |

**[Thall**

# ROINN A

## An Saol Gréagach

**Topaic 1: Fraoch Aichill.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cad is ainm don chailín a ghabh Aichill i ruathar ar bhaile na Téibhe?

(ii) Cé hé Helenus?

(iii) Cé hé Automedan?

(iv) Cén comhartha a chuir Séas mar onóir chuig a mhac Sarpedon?

(v) Cé a cuireadh go dtí Aichill le rá leis corp Eachtair a scaoileadh?

(vi) Cérbh é an chéad duine a chonaic Priam agus é ag filleadh ó champa na nGréagach? (24)

*(b)* (i) Tabhair cuntas ar an ról a imríonn Eachtar san **Íliad**. Cad í an tréith is fearr **agus** an tréith is measa dá chuid, dar leat? Luaigh cúiseanna le do fhreagra. (24)

(ii) Déan trácht go hachomair ar an gcaoi ar iompair Agaiméamnón é féin i Leabhar 1 den **Íliad**. (8)

*(c)* Léigh an sliocht seo a leanas ó Leabhar 21 den **Íliad** agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

D'ionsaigh Aichill ina sheal Agenor a bhí mar a bheadh dia. Ach níor lig Apalló dó an bua a fháil sa troid seo. Tar éis Agenor a chur i bhfolach i gceo trom, scuab sé leis é agus sheol sé é ó pháirc an chatha chun filleadh abhaile. Ansin bhain an dia-Bhoghdóra leas as cleas chun Aichill a stiúradh ón gcuid eile d'arm na Traí. Agus é féin á dhéanamh díreach cosúil le Agenor aige, chuir sé é féin sa bhealach ar Aichill. Chuaigh Aichill le fonn sa tóir air agus ruaig sé an dia trasna an mhachaire a bhí torthúil le cruithneacht, chuir sé iallach air dul i dtreo an Scamandar mar a bhfuil guairneáin dhoimhne. D'fhan Apalló beagán chun tosaigh, agus Aichill á ghríosadh aige i rith an ama chun go gceapfadh sé go bhféadfadh sé teacht suas leis.

(i) Mínigh conas a d'imir Apalló cleas ar Aichill sa sliocht seo. (6)

(ii) Cén fáth a ndearna sé é sin? (6)

(iii) Conas a chuireann Apalló pionós ar na Gréagaigh i Leabhar 1 den **Íliad**? Cén fáth a ndéanann sé é sin? (8)

(iv) Cad a rinne Apalló nuair a chuaigh dán Eachtair síos ar scálaí órga Shéas? (4)

**(80 marc)**

**Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Nuair a d'éirigh na hIónaigh amach in 494 R.Ch., cad a rinne na hAithnigh chun cabhrú leo?

(ii) Cén fáth a ndearna na Spartaigh moill i gcabhair a chur chuig na hAithnigh ag Maratón?

(iii) Ainmnigh an rí Spartach a chuaigh in éineacht le Xerxés mar chomhairleoir?

(iv) Cén dia lena bhfuil oileán Déileas coisricthe?

(v) Ba í an tairngreacht a rinne Oracal Dheilfe do na hAithnigh ná "Ní choinneoidh rud ar bith sábháilte sibh ach balla adhmaid". Cad ba chiall leis an mballa adhmaid, dar le Teimisticléas?

(vi) Tar éis Cath Mycale, cén fáth ar sheol na Gréagaigh go dtí an Heilléaspontas? Cén fáth ar athraigh siad a gcuid pleananna ar theacht go ceann scríbe dóibh? (24)

*(b)* (i) Cén chomhairle a chuir Airtimisia ar Xerxés roimh chath Salamas? (8)

(ii) Luaigh **dhá** cheann de na cúiseanna a thug Teimisticléas do na comhghuaillithe Gréagacha le troid a dhéanamh ag Salamas. (8)

(iii) Déan go hachomair cur síos ar an gcath a tharla ag Salamas. (16)

*(c)* Léigh an sliocht seo a leanas as **Na Leabhair Staire** le Héaradatas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Níor spéis le Xerxés i dtús báire ionradh a dhéanamh ar an nGréig ach chuir sé tús lena réimeas trí arm a neartú le haghaidh feachtais san Éigipt. Ach ba mhó an tionchar a d'imir Mardonius a bhí i láthair sa chúirt ar Xerxés ná aon duine eile sa tír agus bíodh sé ag labhairt de shíor leis faoin ábhar sin. "A Mháistir," a deireadh sé, "tá an-dochar déanta ag na hAithnigh orainn, agus níl sé ach ceart go gcuirfí pionós orthu i ngeall ar a gcoireanna. Cinnte is ceart duit an tasc atá idir lámha agat a chur i gcrích; ach nuair a bheidh sotal na hÉigipte smachtaithe agat, ansin treoraigh arm i gcoinne na hAithne. Déan amhlaidh, agus tabharfar onóir do d'ainm ar fud an domhain, agus déanfaidh daoine an dara smaoineamh feasta sula ndéanfaidh siad ionradh ar do thír'. Agus le cois na n-argóintí ar son an díoltais, deireadh sé gur áit fíor-álainn í an Eoraip; bhí crainn ghairdín den uile shórt ag fás inti; ní fhéadfadh an talamh a bheith níos fearr, agus, i mbeagán focal, bhí sí rómhaith do dhuine ar bith ar domhan seachas an rí Peirseach.

(i) Cén fáth nár spéis le Xerxés ionradh a dhéanamh ar an nGréig i dtús báire? (4)

(ii) Liostaigh **dhá** argóint a d'úsáid Mardonius le cur ina luí ar Xerxés an Ghréig a ionsaí? (8)

(iii) Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an topaic seo, cérbh é an dochar mór a rinne na hAithnigh ar na Peirsigh? (4)

(iv) Tar éis an sliocht seo a léamh, cén tuairim atá agat faoi Mardonius?
Luaigh cúiseanna le do fhreagra. (8)

**(80 marc)**

**[Thall**

**Topaic 3: Beatha agus Bás Shócraitéis.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Ainmnigh **beirt** de chúiseoirí Shócraitéas sa chúirt.

(ii) Dar le Sócraitéas, cén fáth go bhféadfadh a bhealach cainte a bheith neamhghnách i gcúirt dlí?

(iii) Cad iad na cúiseanna ar cheap Sócraitéas go raibh Meletus ciontach i gcaitheamh go neamhdháiríre le hábhar tromchúiseach?

(iv) Ar an lá deireanach dá shaol, cén duine ar thug Sócraitéas ordú a thabhairt abhaile ón bpríosún?

(v) Conas a bhí Crito in ann dul isteach sa phríosún, fiú roimh bhreachadh an lae, chun cuairt a thabhairt ar Shócraitéas?

(vi) Cén fáth ar chuir na hAithnigh bád go dtí Déileas gach uile bhliain? (24)

*(b)* Scríobh faoi na gnéithe seo a leanas de shaol Shócraitéas:

(i) An sórt duine a bhí ann. (8)

(ii) A thriail agus a chosaint. (16)

(iii) A bhás. (8)

*(c)* Léigh an sliocht seo a leanas as **Cuimhní Cinn ar Shócraitéas** le Zeineafón, agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

**Sócraitéas:** Abair liom, Euthydemus, an raibh tú riamh i nDeilfe?
**Euthydemus:** Bhíos, go deimhin, faoi dhó.
**Sócraitéas:** Ar thug tú an inscríbhinn faoi deara in áit éigin gar don scrín, 'Tuig thú féin'?
**Euthydemus:** Sea, thugas.
**Sócraitéas:** An ndearna tú neamhshuim den inscríbhinn, nó ar thug tú aird uirthi agus iarracht a dhéanamh a fháil amach cén sórt duine atá ionat féin?
**Euthydemus:** Óra, ní dhearna! An bhfuil a fhios agat, ba é sin an t-aon rud a shíl mé a bheith ar eolas agam. Is ar éigin a d'fhéadfainn rud ar bith eile a thuiscint mura mbeadh aithne go fiú orm féin.
**Sócraitéas:** Cad is dóigh leat a chiallaíonn "Tuig thú féin" – an fear nach bhfuil aithne aige ar a ainm ach ar éigin, nó an fear a chinneann a chumas féin trína chuid cáilíochtaí féin i leith gaolta daonna a scrúdú. Measaim féin, an fear nach dtuigeann a chumas féin go bhfuil sé dall air féin.

(i) Cad a bhí scríofa ar an inscríbhinn a chonaic Euthydemus ag Deilfe? (4)

(ii) Cén fáth nár thug Euthydemus aird ar an inscríbhinn seo? (6)

(iii) Dar leis an sliocht seo, cad is dóigh le Sócraitéas is ciall leis an inscríbhinn? (8)

(iv) Cad a thugtar ar an gcineál seo ceistiúcháin? (6)

**(80 marc)**

**Topaic 4: Micéiné agus an Traí.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cad a thaispeántar i bhFótagraf **1** ar Pháipéar **X**?

(ii) Cad is 'rhyton' ann?

(iii) Cad é go díreach a thugtar ar an ngléas cosanta a thaispeántar i bhFótagraf **2** ar Pháipéar **X**?

(iv) Cérbh é Páras? Cén bhaint a bhí aige le Cogadh na Traí?

(v) Cé a d'aistrigh na táibléid i Líneach B go Béarla den chéad uair?

(vi) Cá raibh Héilin ina cónaí roimh dhul go dtí an Traí di? (24)

*(b)* (i) Dar leat, cérbh é an cuidiú ba mhó a thug Schliemann do chúrsaí tochailte sa Traí? (8)

(ii) Dar leat, cérbh é an botún ba mhó a rinne Schliemann. (8)

(iii) Conas a chuidigh William Dörpfeld lenár dtuiscint ar an suíomh seo? (8)

(iv) Déan cur síos go hachomair ar mhodh **amháin** a úsáideann seandálaithe nua-aimseartha chun dáta a chur leis na déantúsáin a aimsíonn siad. (8)

*(c)* (i) Déan staidéar ar phlean Mhicéiné i bhFótagraf **3** ar Pháipéar **X**, agus sainaithin na gnéithe atá marcáilte **A**, **B** agus **C**. (9)

(ii) Cén fáth ar tugadh ballaí Cioclópacha ar bhallaí Mhicéiné? (5)

(iii) Cén rí ón scéalaíocht a mhair anseo de réir mar a cheaptar. (5)

(iv) Cén t-ainm a thugtar go coitianta ar an réigiún thart timpeall ar Mhicéiné? (5)

**(80 marc)**

**[Thall**

**Topic 5: Acrapoil na hAithine.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cérbh é Féidias?

(ii) Cén bhaint atá ag an Tiarna Elgin leis na foirgnimh ar an Acrapoil?

(iii) Cad is ciall leis an bhfocal *Acropolis*?

(iv) Cén cineál éadaí a thaispeántar i bhFótagraf **4** ar Pháipéar **X**?

(v) Cén teampall ar an Acropolis a bhfuil ceithre philéar Iónacha trasna ar a aghaidh?

(vi) Cérbh é Aristeides? (24)

*(b)* (i) Déan staidéar ar Fhótagraf **5** ar Pháipéar **X** a thaispeánann an Partanón.
Bain úsáid as mar threoir agus déan cur síos ar an ord Dórach. I do fhreagra bain úsáid as na téarmaí cearta ailtireachta. Féadfaidh tú sceitse lipéadaithe a úsáid mar chuid de do fhreagra. (16)

(ii) Cén fáth a dtugtar teampall *peripteral* ar an bPartanón? (4)

(iii) Cad iad na scéalta a thaispeántar sna hachair thriantánacha ag gach taobh den Phartanón? (8)

(iv) Cad is ciall le Partanón nó *Parthenos*? (4)

*(c)* (i) Féach ar Fhótagraf **6** ar Pháipéar **X**. Ainmnigh an cineál deilbhe a thaispeántar anseo agus ainmnigh an foirgneamh ar an Acropolis as a dtagann sí. (8)

(ii) Cad iad na hábhair as a ndearnadh an dealbh ór-eabhartha d'Aitéiné?
Cén foirgneamh a raibh sí suite taobh istigh de? (12)

(iii) Cén dia a luaitear leis an amharclann atá suite taobh thíos den Acropolis? (4)

**(80 marc)**

## ROINN B

## An Saol Rómhánach

**Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén fáth ar scríobh Veirgil an **Aeinéid**?

(ii) I Leabhar 1 den **Aeinéid**, cén fáth ar chuir Aeinéas Achates ar ais go dtí an long?

(iii) Cén t-oileán as a raibh Aeinéas ag seoladh nuair a séideadh ar ais go dtí an Afraic é?

(iv) Cén laoch Traíoch a dúirt le hAeinéas i mbrionglóid an Traí a fhágáil?

(v) Cad a chuireann ar Aeinéas a thuiscint go gcaithfidh sé an Chartaig a fhágáil?

(vi) Conas a chabhraigh Iris le Díodó? (24)

*(b)* (i) Cén dia a thug inspioráid do Shibil Cumae? (4)

(ii) Luaigh **dhá** rud a insíonn an tSibil d'Aeinéas a chaithfidh sé a dhéanamh roimh dhul isteach dó sa Domhan Thíos. (8)

(iii) Déan cur síos ar an gcuairt a thug Aeinéas ar an Domhan Thíos. I do fhreagra cuimsigh na daoine a bhuaileann leis agus cad a chloiseann sé faoina thodhchaí. (20)

*(c)* Léigh an sliocht seo a leanas as Leabhar 2 den **Aeinéid**, agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ón nóiméad sin i leith, mar a bheadh mic tíre agus iad ag seilg gan léargas oíche cheomhar, iad ruaigthe as a gcuid uachaisí ag ocras nach ligeann faoiseamh ar bith dóibh agus a gceanna beaga á bhfágáil ina ndiaidh chun fanacht leo, a scornacha tirim ar fad, ritheamar tríd an namhaid chuig an mbás a bhí cinnte, ár gcúrsa á choinneáil againn trí lár na cathrach, agus dorchadas folamh na hoíche dorcha ar crochadh os ár gcionn. Cé a d'fhéadfadh uafáis na hoíche sin a nochtadh dúinn? Cé a d'fhéadfadh cur síos a dhéanamh ar a leithéid d'ár? Cé a d'fhéadfadh deora a shileadh a bheadh ag teacht leis an bhfulaingt sin? Ba é turnamh cathrach ársa é a raibh impireacht á rialú le fada aici. Bhí coirp na marbh ina luí ar fud na sráideanna go léir, ar fud na dtithe agus ar fud scrínte naofa a gcuid déithe.

(i) Sainaithin an tsamhail a chuireann síos ar Aeinéas agus a chuid fear. (6)

(ii) An samhail mhaith í? Luaigh cúiseanna le do fhreagra. (6)

(iii) Mínigh go hachomair conas a chuaigh na Gréagaigh isteach sa Traí sa deireadh. (6)

(iv) An dóigh leat gur iompair na Gréagaigh iad féin mar ba chóir nuair a chuaigh siad isteach agus nuair a ghabh siad an Traí? Luaigh cúiseanna le do fhreagra. (6)

**(80 marc)**

**[Thall**

**Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide: An Saighdiúir Maíteach.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén fáth a ndeachaigh Pleusicles go dtí Naupactus?

(ii) Conas a d'éirigh le Pyrgopolynices smacht a fháil ar Philocomasium?

(iii) Cén fáth a ndéantar tagairt do Artotrogus mar shatailít?

(iv) Cé hé Lurcio? Cé dó a bhfuil sé ag obair?

(v) "Nílim ach caoga ceathair, táim á rá leat ..... féadfaidh mé rud ar bith a dhéanamh." Cé a labhraíonn na focail seo, agus cén duine ar leasc leis glacadh lena chabhair?

(vi) Cén fáth a ndéantar tagairt do Pyrgopolynices mar gharmhac le Véineas? (24)

*(b)* Déantar cur síos ar Palaestrio mar Mháistir-Phleanálaí sa **Saighdiúir Maíteach**.

(i) Mínigh conas a bhuaileann Palaestrio bob ar Sceledrus. Cén fáth a ndéanann sé é sin? (12)

(ii) Mínigh conas a thagann Palaestrio i gcabhair ar Philocomasium. (12)

(iii) An dóigh leat gur thuill Palaestrio an teideal Máistir-Phleanálaí? Luaigh cúiseanna le do fhreagra. (8)

*(c)* (i) Cad is carachtar buanchrutha ann? Luaigh sampla de charachtar buanchrutha ón **Saighdiúir Maíteach**. (6)

(ii) Cén fáth a mbíonn ainmneacha Gréagacha de ghnáth ag na carachtair i ndrámaí le Plautus? (6)

(iii) Cad is seachfhocal ann? Luaigh sampla **amháin** de shuíomh sa **Saighdiúir Maíteach** ina n-úsáidtear seachfhocal. (6)

(iv) Cérbh é an *scaenae frons* in amharclann Rómhánach. (6)

**(80 marc)**

**Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó mar fhreagra ar gach ceist. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén rud a ndearna Caesar staidéar air faoi Apollonius ó Ródas?

(ii) Cén gaol clainne atá idir Iúil Caesar agus Marius?

(iii) Cé a dúirt faoi Caesar: "Is iomaí Marius atá sa bhuachaill seo"?

(iv) Cad a dúirt Poimpéas a tharlódh dá mbuailfeadh sé a chos ar an talamh?

(v) Cérbh é an comhartha chun tús a chur leis an ionsaí marfach ar Caesar in amharclann Phoimpéas?

(vi) "I ndiaidh gur briseadh air ag Philippi mharaigh sé é féin leis an miodóg cheanann chéanna agus a d'úsáid sé i gcoinne Caesar." Ainmnigh an duine a mharaigh é féin. (24)

*(b)* (i) Scríobh faoi **gach ceann** díobh seo a leanas:

- Mar a chloígh Caesar Vergentorix (ar a dtugtar freisin Vercingetorix) (10)
- Caesar ag trasnú an Rubicon. (10)

(ii) Cad iad na cáilíochtaí is tábhachtaí a bhí ag Caesar mar cheannaire míleata, dar leat? Luaigh cúiseanna le do fhreagra. (12)

*(c)* Léigh an sliocht seo a leanas as **Turnamh na Poblachta Rómhánaí** le Plútarc, agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ar an ócáid seo, nuair a bhí Pompeia i bhfeighil an cheiliúrtha, shíl Clodius, a bhí fós gan féasóg, nach dtabharfaí aird air, agus é gléasta mar a bheadh fliúiteadóir baineann, agus é ag breathnú díreach ar nós mná óige, tháinig sé go dtí an teach. Bhí an doras ar oscailt roimhe agus thug an cailín aimsire, a bhí ar dualgas agus a raibh fios a rúin aici, isteach go sábháilte é. D'imigh an cailín aimsire de rith ansin lena cur in iúl do Pompeia; bhí an t-am ag imeacht agus ní raibh dóthain foighde ag Clodius fanacht mar ar fágadh é. Thosaigh sé ag imeacht ar fud an tí, a bhí an-mhór, agus é ag iarraidh na soilse a sheachaint go dtí gur chuir duine de sheirbhísigh Aurelia caint air agus gur iarr air, mar a dhéanfadh bean le bean eile, go rachadh sé ag súgradh léi. Nuair nach ndéanfadh sé é sin, tharraing sí amach é agus d'fhiafraigh de cérbh é féin agus cárbh as dó. Dúirt Clodius go raibh sé ag fanacht le haghaidh chailín Pompeia, Abra, ach sceith a ghuth air.

(i) Ainmnigh an fhéile a bhí á ceiliúradh ag na mná i dteach Caesar. (4)

(ii) Cé a chuir deireadh leis an bhféile chomh luath agus a fuarthas amach faoi Clodius? (4)

(iii) Cén sórt duine a bhí in Clodius? Luaigh cúiseanna le do fhreagra. (8)

(iv) Cén chúis a thug Caesar le Pompeia a cholscaradh díreach tar éis na heachtra seo? (8)

**(80 marc)**

**[Thall**

**Topaic 9: Cathair Rómhánach – An Phoimpé.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén fáth a bhfuil an t-ainm sin ar "Villa na Rún"?

(ii) Cad a thaispeántar i bhFótagraf **7** ar Pháipéar **X**? Cár sheas sé?

(iii) Cad ba *garum* ann?

(iv) Cad é an Sarno?

(v) Cén bhaint atá ag Giuseppe Fiorelli leis an bPoimpé?

(vi) Ainmnigh **dhá** thionscal mhóra sa Phoimpé. (24)

*(b)* Scríobh cur síos ar **dhá** cheann de na gnéithe seo a leanas den saol sa tSean-Phoimpé.

(i) Saol an sclábhaí.

(ii) An Fóram.

(iii) Siamsaíocht phoiblí. (16 x 2)

*(c)* (i) Mínigh **cúig** cinn de na hachair seo a leanas i dteach Rómhánach:

*atrium, peristylium, triclinium, cubiculum, tablinum, culina*. (10)

(ii) Déan cur síos ar **dhá** chaoi a bhféadfadh teach Rómhánach a bheith maisithe. (8)

(iii) Féach ar Fhótagraf **8** ar Pháipéar **X**. Cén cuspóir lena n-úsáidfí é seo i dteach Rómhánach? (6)

**(80 marc)**

**Topaic 10: An tArm Rómhánach.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Ainmnigh an dia a thaispeántar i bhFótagraf **9** ar Pháipéar **X**. Mínigh an bhaint atá ag an dia seo leis an arm Rómhánach.

(ii) Cad ba chohórt ann?

(iii) Cén foirgneamh a bhíodh ina sheasamh de ghnáth i lár dúin de chuid an airm Rómhánaigh?

(iv) Ainmnigh an áirse cháiliúil a thaispeántar i bhFótagraf **10** ar Pháipéar **X**. Cén eachtra a ndéanann sé comóradh uirthi?

(v) Cén fáth a raibh bocóid ar sciath Rómhánach?

(vi) Cén rud a dtugtaí *onager* nó *asal allta* air? (24)

*(b)* (i) Déan cur síos go hachomair ar shaol an tsaighdiúra Rómhánaigh agus é ar stáisiún i ndún sna cúigí le linn tréimhse síochána. (24)

(ii) Cad ba colonia ann? (4)

(iii) Cérbh é an Garda Praetóireach? (4)

*(c)* Féach ar Fhótagraf **11** ar Pháipéar **X**, ar radharc as colún Thráian é, agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

(i) Cérbh é Tráian? (4)

(ii) Cén fáth a bhfuil an séadchomhartha seo chomh tábhachtach sin le haghaidh staidéar a dhéanamh ar an arm Rómhánach? (6)

(iii) Déan cur síos ar cad tá ag tarlú sa radharc a thaispeántar san fhótagraf seo. (8)

(iv) Cén cogadh a ndéanann an séadchomhartha seo comóradh air? Ainmnigh an tír nua-aimseartha inar troideadh an cogadh seo. (6)

**(80 marc)**

# Leathanach Bán